



COMÓRTAS SCRÍBHNEOIREACHTA AN POST AGUS CHUMANN MÚINTEOIRÍ ÉIREANN DO SCOILEANNA

A Ionadaí Foirne INTO, a chara,

Tá an-áthas ar An Post agus Cumann Múinteoirí Éireann (INTO) thú a chur ar an eolas faoi Chomórtas scríbhneoireachta An Post / INTO le haghaidh 2019. Ó seoladh Gradaim Oideachais An Post os cionn tríocha bliain ó shin, tá fás agus forbairt tagtha orthu agus bíonn an-tóir orthu mar chuid den bhliain acadúil. Is mór againn an litearthacht a chur chun cinn trí chomórtas spráíúla léitheoireachta agus scríbhneoireachta – agus táimid buíoch de na múinteoirí agus de na daltaí a chinntíonn go n-éiríonn chomh maith sin le Gradaim Oideachais An Post.

I mbliana, dirítear inár gcomórtas ar rud a thuigimid atá tábhachtach do chách: cion ar leabhair. Tugtar Scéal Eile ar an gcomórtas, agus, mar a thuigfeá ón ainm, baineann sé le seanscéal a thógáil agus cor nua a chur ann.

Is mise, le meas,

Aileen Mooney
An Post

Sheila Nunan
Uachtarán INTO

SCÉAL EILE

Táimid ag iarraidh go gcuimhneodh do dhaltai ar na leabhair is fearr leo agus a scéal féin a scríobh bunaithe sa domhan liteartha sin. Is féidir leo scéal a bhfuil an-chur amach acu orthu a thabhairt i dtreo iomlán nua nó na carachtair is fearr leo a chur i mbun eachtra úrnua. Níl aon srian leo ach a gcuid samhlaíochta féin.

Is féidir **Scéal Eile** a chur in oiriúint do do dhaltai ar fad, beag beann ar a leibhéal. Chun cabhrú leat, d'fhorbraíomar sraith pleananna ceachta agus acmhainní ó leibhéal na naionán go dtí rang a sé. Cé go bhfuil an scoil ag cur isteach ar an gcomórtas, iarraimid go mbeadh Ionadaí Foirne INTO freagrach as foirm iontrála na scoile a chomhlánú agus na hiontrálacha is fearr ón scoil a chur isteach le haghaidh gach catagóire. Is é an spriocdháta le haghaidh iarratas ná Dé Máirt, 19 Márta 2019.

Is féidir le gach scoil cur isteach ar an gcomórtas, agus bronntar duaiseanna réigiúnacha agus náisiúnta ar dhaltai, múinteoirí agus príomhoidí. Beidh searmanas náisiúnta bronnta ar siúl in Ard-Oifig an Phoist freisin, foirgneamh clúiteach An Post. Níl le déanamh ach cur isteach ar an gcomórtas le deis a fháil ceardlann scríbhneoireachta le húdar cáiliúil a bhuachan don scoil.

TÁ SÉ ÉASCA CUR ISTEACH AR AN GCOMÓRTAS!

1. Tabhair na teimpléid ó www.anpostschoolbag.ie/competition do na daltaí agus iarr orthu a lámhscríbhneoireacht is fearr a úsáid chun a n-iontrálacha a chumadh.
2. Faigh an iontráil is fearr ó gach rang rannpháirteach.
3. Ná déan dearmad líon na n-iontrálacha a rinneadh i ngach rang a scríobh sa chúinne uachtair de gach iontráil a sheoltar isteach.
4. Líon isteach an fhoirm iontrála ar an taobh eile den leathanach seo, agus tabhair sonraí na hiontrála is fearr ó gach rang.
5. Seol isteach na hiontrálacha agus an fhoirm iontrála sa chlúdach saorphoist atá faoi iamh leis seo.

Tá fíorchaoin fáilte roimh iarratais trí Ghaeilge. Má theastaíonn ó na scoláirí cur isteach ar an gcomórtas i nGaeilge, tá na hacmhainní Gaeilge ar fáil ar www.anpost.ie/anpost/schoolbag/ga

